

Gluais de Théarmaí agus d'Acrainmneacha Measúnaithe – Cláir Foghlama Leibhéal 2 (CFL2na) agus Gearrchúrsaí Leibhéal 2

Torthaí Foghlama	Is ráitis iad torthaí foghlama i sonraíochtaí curaclaim a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.
Gnéithe Cáilíochta	Is ráitis iad gnéithe cáilíochta i sonraíochtaí ábhar nó gearrchúrsaí a chabhraíonn leis an múinteoir breithiúnais a dhéanamh ar cháilíocht obair scoláirí chun gráid ghnóthachtála a bhronnadh don teistiúchán.
Intinní Foghlama	Is ráiteas é intinn foghlama do cheacht, nó do shraith de cheachtanna, a chruthaíonn an múinteoir agus a chuireann síos go soiléir ar an méid gur mhaith leis an múinteoir a bheith ar eolas ag scoláirí, a thuigfidh siad nó a bheidh siad in ann a dhéanamh de thoradh gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.
Critéir Ratha	Tá nasc idir critéir ratha agus intinní foghlama. An múinteoir agus/nó na scoláirí a chumann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheadh ar iarracht rathúil. Cuidíonn siad leis an múinteoir, agus leis an scoláire, breithiúnais a dhéanamh faoi cháilíocht fhoghlaim scoláirí.
Measúnú Leanúnach	Mar chuid den obair sa seomra ranga, bíonn scoláirí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí measúnaithe ar féidir leo a bheith foirmitheach nó suimitheach ina nádúr. Bíonn múinteoirí ag déanamh measúnachta mar chuid den chleachtas laethúil trí bhreathnú ar scoláirí agus éisteacht leo agus iad i mbun tascanna, breathnú ar a bhfuil á scríobh agus á dhéanamh acu, agus machnamh ar an gcaoi a bhfreagraíonn siad, a gcumann agus a gcuireann siad ceisteanna. Úsáideann múinteoirí an t-eolas measúnaithe seo chun cabhrú le scoláirí pianáil do na chéad chéimeanna eile ina gcuid foghlama. Ó am go chéile, beidh an measúnú seo i suíomhanna níos struchtúrtha agus níos foirmiúla, mar a mbeidh ar mhúinteoirí léargas ar dhul chun cinn na scoláirí a fháil chun cinntí a dhéanamh ar phleanáil don todhchaí agus chun tuairisciú ar dhul chun cinn. B'fhéidir go mbainfeadh sé sin le scoláirí a bheith rannpháirteach i dtionscadail, fiosrúcháin, cásanna staidéir agus/nó teisteanna agus go dtarlódh siad sin ag amanna ar leith ar fhéilire na scoile.
Measúnú Foirmitheach	Is measúnú foirmitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear modhanna foirmiúla nó neamhfhoirmiúla chun fianaise ar fhoghlaim a bhailiú le linn an phróisis fhoghlama agus úsáidtear iad chun teagasc a chur in oiriúint le h-aghaidh riachtanais na scoláirí. Ligeann an próiseas do mhúinteoirí agus scoláirí eolas a bhailiú ar dhul chun cinn scoláirí, agus oiriúnuithe a mholadh do chur chuige teagaisc an mhúinteora agus do chur chuige foghlama an scoláire. Baineann measúnú chun foghlama le gnéithe uile an mheasúnaithe fhoirmithigh ach bíonn fócas ar leith ann ar ról gníomhach a bheith ag an scoláire ina c(h)uid foghlama.

Measúnú Suimitheach	<p>Measúnú suimitheach a bhíonn i gceist nuair a úsáidtear é chun foghlaim scoláire a mheas ag deireadh an phróisis teagaisc nó na tréimhse foghlama. Is í an aidhm atá leis, achoimre a dhéanamh ar ghnóthachtáil na scoláirí agus a dhearbhu ar léirigh na scoláirí nó cé mhéad tuiscint a léirigh siad ar an bhfoghlaim i gcomparáid leis na critéir ratha nó na gnéithe cáilíochta a comhaontaíodh.</p>
Measúnú Rangbhunaithe (MRB) Gearrchúrsaí Leibhéal 2 Amháin	<p>I ngach ábhar, tabharfaidh scoláirí faoi dhá MRB a éascóidh an múinteoir. Tarlóidh ceann amháin acu sa dara bliain agus ceann eile sa tríú bliain. Is í an CNCM a dhearfaidh na tascanna agus clúdóidh siad réimse leathan gníomhaíochtaí lena n-áirítear cur i láthair ó bhéal, obair scríofa de chineálacha éagsúla, gníomhaíochtaí praiticiúla nó deartha agus déantúis, taibhithe ealaíne, turgnaimh eolaíochta, tionscadail nó tascanna oiriúnacha eile.</p>
Cruinniú Athbhreithnithe CFL2	<p>Is dea-chleachtas ag gach múinteoir a mbeidh baint acu le teagasc agus measúnú Aonaid Tosaíochta Foghlama Leibhéal 2 agus na MRBanna a bheith rannpháirteach i gcrúinnithe athbhreithnithe áit a gcomhroinnfidh siad agus a bpléifidh siad samplaí dá gcuid measúnuithe ar shaothar scoláirí agus a dtiocfaidh siad ar chomhthuiscint ar cháilíocht fhoghlaim scoláirí.</p>
Tasc Measúnaithe	<p>Níl aon Tasc Measúnaithe ann sna Cláir Foghlama Leibhéal 2</p>
Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS)	<p>Beidh tuairisc sa PGSS ar ghnóthachtáil scoláire i ngach réimse cuí foghlama lena n-áirítear ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid Tosaíochta Foghlama agus réimsí eile foghlama. Beidh leagan amach aici a shocrófar ar bhonn náisiúnta, an scoil a chuirfidh le chéile í agus gheobhaidh na scoláirí í san fhómhar tar éis an tríú bliain.</p>